An Coimisiún Toghcháin
The Electoral Commission

# MOLTAÍ AN CHOIMISIÚIN

# PÓSTAEIR TOGHCHÁN

MEITHEAMH 2026

CLÁR TAIGHDE

SNÁITHE B: DLÍ TOGHCHÁIN, CÓRAIS TOGHCHÁIN AGUS BONNEAGAR TOGHCHÁIN

# Clár an ábhair

Achoimre ........ 1
Cúlra agus Comhthéacs ........ 3
Bonn fianaise láidir ........ 3
Machnamh agus moltaí an Choimisiúin ........ 4

An Coimisiún Toghcháin
The Electoral Commission

## Achoimre

Foráiltear in alt 64 den Acht um Athchóiriú Toghcháin, 2022 gur féidir leis an gCoimisiún Toghcháin (an Coimisiún) taighde a choimisiúnú nó a dhéanamh ar bheartas agus nósanna imeachta toghcháin, ag eascairt as an taighde sin, go bhféadfaidh sé moltaí a dhéanamh don Aire agus don Rialtas de réir mar is cuí leis.

Déantar na moltaí seo faoin gcumhacht reachtúil sin i bhfianaise torthaí taighde neamhspleách ar phóstaeir toghchán a choimisiúnaigh an Coimisiún, agus ó thorthaí ár gcomhairliúcháin phoiblí féin a rinneadh ar feadh sé seachtaine go luath in 2025. Bhí an tAire Tithíochta, Rialtais Áitiúil agus Oidhreachta agus an tAire Stáit Oidhreachta agus Athchóirithe Toghcháin agus Rialtais roimhe seo tar éis póstaeir a mholadh mar ábhar taighde, mar a rinne rannpháirtithe eile sa phróiseas comhairliúcháin ar ár gClár Taighde.

Ba iad príomhaidhmeanna an taighde:

- Ár dtuiscint a dhoimhniú ar ról na bpóstaer mar uirlis cumarsáide polaitiúla i bhfeachtais toghcháin in Éirinn agus i dtíortha eile, i gcomparáid le modhanna eile cumarsáide polaitiúla agus rannpháirtíochta, idir thraidisiúnta agus ar líne;
- Ár dtuiscint a dhoimhniú ar an tionchar a bhíonn ag póstaeir ar rannpháirtíocht pholaitiúil agus feasacht toghcháin i measc na dtoghthóirí, daoine a d’fhéadfadh a bheith imeallaithe ón bpróiseas polaitiúil ina measc;
- Ár dtuiscint a dhoimhniú ar thionchair chomhshaoil póstaer (aon tionchair ar shábháilteacht ar na bóithre nó sábháilteacht coisithe ina measc);
- Ag tarraingt ar an bhfianaise a bailíodh, meastóireacht a dhéanamh ar na roghanna beartais féideartha.

Creidimid go bhfuil an tuarascáil a tháinig as an taighde neamhspleách dar teideal ‘*Election Posters in Ireland: practices, attitudes and impacts’* ina rannchuidiú luachmhar chun ár dtuiscint ar rannpháirtíocht an phobail i dtoghcháin a fheabhsú. Fáiltíonn an Coimisiún roimh an raon sonraí eimpíreacha atá mar bhonn leis an anailís sa Tuarascáil agus roimh an líon suntasach aighneachtaí poiblí a fuarthas. Breithníodh go cúramach iad sin agus gabhadh iad in anailís achomair ar leith a foilsíodh in éineacht leis an bpríomh-Thuarascáil agus leis an anailís agus na moltaí seo. Bhí an ghné idirnáisiúnta faisnéiseach freisin agus bíonn póstaeir de chineálacha éagsúla agus i bhfoirmeacha éagsúla taispeántais in úsáid in go leor tíortha.

Is ábhar ilghnéitheach é úsáid póstaer le linn toghcháin a ghineann tuairim láidir ón bpobal gan amhras.

Tugtar réimse leathan freagrachtaí don Choimisiún faoin Acht um Athchóiriú Toghcháin, 2022, agus tá cothromaíocht chúramach bainte amach aige idir na freagrachtaí sin agus a mholtaí á ndéanamh aige. Tá sé feasach ar a shainordú

athchóirithe toghcháin atá bunaithe ar fhianaise a bhreithniú agus a chur chun cinn, agus tuiscint an phobail ar phróisis toghcháin a chur chun cinn, agus rannpháirtíocht agus rannpháirteachas breise i saol daonlathach an Stáit a spreagadh.

I bhfianaise thorthaí ár bplé féin agus na hanailíse atá sa Tuarascáil Taighde, measann an Coimisiún go bhfuil ról tábhachtach ag póstaeir toghchán i rannpháirtíocht an phobail leis an bpróiseas toghcháin ar bhealaí éagsúla. Ar an gcéad dul síos, cuireann siad in iúl don phobal go bhfuil tús curtha le timthriall toghcháin. Ar an dara dul síos, is féidir leo teorainneacha na dtoghcheantar a shainiú, rud a d'fhéadfadh a bheith tábhachtach do thoghthóirí nua-thagtha agus nuair a athraítear teorainn tar éis athbhreithniú. Ar an tríú dul síos, féadfaidh siad cabhrú le hiarrthóirí a aithint, agus d'fhéadfadh póstaer a bheith ar an bpríomhbhealach trína bhféadfar aithne a chur ar iarrthóir nua nó ar dhuine nach bhfuil próifíl phoiblí ard acu ar chúis ar bith. Ar an gceathrú dul síos, is rud poiblí é an póstaer, ar bhealach nach bhfuil post meán sóisialta amhlaidh, agus is féidir leis comhrá a spreagadh, lena n-áirítear comhrá fánach, faoi iarrthóir, na ceisteanna nó an toghchán i gcoitinne. Ar an gcúigiú dul síos, is féidir leis an bpóstaer a bheith éifeachtach agus faisnéiseach uaireanta ar bhealach fo-chomhfhiosach, mar is léir ón bhfíric gur thug go leor daoine a d'fhreagair na suirbhéanna ábhar póstaeir, nó difríochtaí idir póstaeir, faoi deara gan a bheith lán-eolach air.

Bhain cuid mhór de na tuairimí diúltacha faoi phóstaeir a cuireadh in iúl trínár bpróiseas comhairliúcháin agus na sonraí a bailíodh trí rannpháirtíocht na dtaighdeoirí neamhspleácha le páirtithe leasmhara le hábhair imní chomhshaoil. Tá siad sin fíor agus tábhachtach ach is cosúil don Choimisiún go bhféadfadh cleachtais feabhsaithe áirithe an tionchar comhshaoil a laghdú. Ina theannta sin, measaimid go raibh an tuairim mhícheart ag go leor daoine a d'fhreagair go raibh úsáid ardán meán sóisialta neodrach ó thaobh carbóin agus comhshaoil de nó ar a laghad nár smaoinigh siad go hiomlán ar an ngné sin agus go bhféadfadh tionchar a bheith aige sin ar a rogha cumarsáide san fhoirm sin.

Dá réir sin, déanann an Coimisiún na moltaí seo a leanas:

1. Ba cheart go mbeadh cumarsáid níos soiléire ann agus **forfheidhmiú** níos comhsheasmhaí agus níos déine **ar an reachtaíocht agus ar an treoir atá ann cheana féin** lena rialaítear póstaeir toghchán. Go háirithe, ba cheart go mbeadh gníomhaíocht forfheidhmiúcháin níos comhsheasmhaí agus níos tráthúla mar thoradh ar shárú ar threoirlínte maidir le crochadh na bpóstaer.

2. Ba cheart go mbeadh **soiléireacht ann maidir le cé atá freagrach as forfheidhmiú agus monatóireacht** ar chomhlíonadh gnéithe sonracha.

3. Ba cheart go mbeadh **feachtas cumarsáide sonrach ar leibhéal náisiúnta** ann freisin a dhírítear ar pháirtithe leasmhara polaitiúla maidir leis na guaiseacha sábháilteachta poiblí a eascraíonn as póstaeir a chur in áit mhíchuí.

4. Ba cheart **cruth agus méid ceadaithe** póstaer **a theorannú** chun an méid dramhaíola agus damáiste comhshaoil a chruthaíonn siad a laghdú. Ba cheart é sin a thabhairt isteach de réir a chéile chun go mbeifear in ann stoc póstaer atá ann cheana a athúsáid.

5. Ba cheart don Aire a iarraidh ar Údaráis Áitiúla áiseanna agus tacaíochtaí feabhsaithe a chur i bhfeidhm chun **diúscairt agus athchúrsáil** inbhuanaithe póstaer atá ann cheana a spreagadh. Ba cheart go gcuirfeadh sé sin níos mó struchtúir agus soiléireachta ar fáil maidir le socruithe chun ábhar póstaer a athúsáid nó a dhiúscairt agus ar an gcaoi sin cabhrú le rátaí athchúrsála.

## Cúlra agus Comhthéacs

D'fhoilsigh an Coimisiún Toghcháin a chéad Chlár Taighde i mí Iúil 2024 i ndiaidh comhairliúchán poiblí. Thacaigh roinnt aighneachtaí don phróiseas comhairliúcháin le taighde ar úsáid póstaer toghchán a áireamh (lena n-áirítear aighneacht chomhpháirteach ón Aire Tithíochta, Rialtais Áitiúil agus Oidhreachta agus ón Aire Stáit Oidhreachta agus Athchóirithe Toghcháin ag an am) agus cuireadh san áireamh é mar ábhar tosaíochta.

Ceapadh an Dr Eoin O'Malley agus an Dr Dawn Wheatley ó Ollscoil Chathair Bhaile Átha Cliath chun an taighde a dhéanamh i ndiaidh próiseas soláthair iomaíoch agus ag an am céanna seoladh comhairliúchán poiblí agus rinne ár bhfoireann anailís ar na haighneachtaí a tháinig as. Mar thoradh ar an gcomhairliúchán poiblí, fuarthas 1,104 aighneacht ar an ábhar agus breithníodh go cúramach iad sin agus muid ag teacht ar ár moltaí.

## Bonn fianaise láidir

Fáiltíonn an Coimisiún roimh an raon sonraí a bailíodh agus a ndearnadh anailís orthu mar chuid den taighde. Chomh maith leis an gcomhairliúchán poiblí, bhí an taighde bunaithe ar shonraí ó cheisteanna in dhá shuirbhé ionadaíocha go náisiúnta; ceithre ghrúpa fócais a tionóladh i gCo. Lú, Co. Chiarraí agus Baile Átha Cliath; agallaimh le 26 páirtí leasmhar polaitiúil lena n-áirítear polaiteoirí, iarrthóirí agus ionadaithe páirtí idir reatha agus éirithe as; anailís dhomhain ar shaolré na bpóstaer i gcás an tionchair ar an gcomhshaol; anailís ar shonraí riaracháin ón gCoimisiún um Chaighdeáin in Oifigí Poiblí (SIPO) maidir le caiteachas feachtasaíochta in olltoghchán 2024, agus comparáid idirnáisiúnta a scrúdaíonn an chaoi a n-úsáidtear agus a rialaítear póstaeir toghchán. Measann an Coimisiún go soláthraíonn an raon sonraí a úsáideadh sa Tuarascáil Taighde bonn fianaise láidir agus tréan dár moltaí.

## Machnamh agus moltaí an Choimisiúin

Deirtear in alt 67 (1) den Acht um Athchóiriú Toghcháin, go gcuirfidh an Coimisiún cláir oideachasúla agus faisnéise ar fáil chun feasacht an phobail ar phróisis toghcháin agus dhaonlathacha an Stáit a chur chun cinn, mar aon lena rannpháirtíocht iontu, agus spreagaimid an pobal chun vótáil in imeachtaí toghcháin. Chuimhnigh an Coimisiún ar an bhfeidhm oideachasúil sin agus a mholtaí á mbreithniú aige.

Is léir ón taighde go bhfuil éifeacht dhearfach ag póstaeir ar chumarsáid agus ar rannpháirtíocht an phobail maidir leis an bpobal a chur ar an eolas go bhfuil toghcháin (nó reifrinn) ar tí tarlú. Tugann siad deis do dhaoine eolas a chur ar ainmneacha na n-iarrthóirí agus ar na híomhánna a fheicfidh siad ar an bpáipéar ballóide. Cé go bhféadfadh nach mbeadh daoine ar an eolas láithreach faoi thionchar póstaer, faigheann siad méid suntasach faisnéise uathu trína gcuid teachtaireachtaí a fheiceáil. Bhí fianaise air sin le feiceáil sna sonraí pobalbhreithe, ina ndúirt 59% de na freagróirí gur tháinig siad ar an eolas faoi thoghchán an uachtaráin le déanaí mar gheall ar phóstaeir, agus sna grúpaí fócais nuair a phléigh rannpháirtithe an chaoi a soláthraíonn póstaeir leideanna amhairc go bhfuil toghchán ag druidim linn.

Anuas air sin, tá béim curtha ag an taighde ar an gcaoi ar féidir le póstaeir ról a imirt i gcur chun cinn feasachta agus díospóireachta polaitiúla i measc páistí agus déagóirí, agus go mbíonn ról acu amhlaidh. Tugann sé sin le fios go gcuireann póstaeir le feasacht luath ar an daonlathas agus ar an bpróiseas toghcháin, rud atá suntasach i bhfianaise go léiríonn fianaise idirnáisiúnta gurb iad na cohóirt níos óige is lú seans go nglacfaidh siad páirt i bpróisis dhaonlathacha.

Tugann an Coimisiún dá aire an tuairim fhorleathan i measc na bpáirtithe leasmhara polaitiúla a ndeachthas i gcomhairle leo go mbeadh drochthionchar ag cosc iomlán nó aon srianta suntasacha féideartha ar úsáid póstaer ar chumas iarrthóirí nua aird a tharraingt orthu féin. Ní thacódh thart ar 90% de na daoine a cuireadh faoi agallamh le cosc iomlán ar phóstaeir, ag lua éagóir i leith iarrthóirí nua.

Léiríodh sa taighde, beag beann ar línte páirtí agus ar chomhthéacs geografach, gur leag na daoine a cuireadh faoi agallamh béim ar an tábhacht ríthábhachtach a bhaineann le póstaeir do dhaoine nua agus a gcumas aitheantas ainm agus aghaidhe a fhorbairt. Tharraing an taighde aird ar dhifríocht shoiléir idir sealbhóirí reatha agus daoine nua atá ag teacht isteach sa pholaitíocht, agus fuarthas amach gur meán réasúnta saor agus éifeachtach iad póstaeir d'iarrthóirí céaduaire chun iad féin agus a mbeartais a chur chun cinn laistigh dá dtoghcheantar.

Léirítear tábhacht na bpóstaer d'iarrthóirí (idir iarrthóirí reatha agus iarrthóirí nua) i sonraí pobalbhreithe na Tuarascála freisin, áit ar léirigh 36% de na freagróirí go gcabhraíonn póstaeir le hainmneacha agus aghaidheanna iarrthóirí a fhoghlaim. I

bhfianaise chóras toghcháin PR-STV na hÉireann, a cheadaíonn roghanna iolracha a dhéanamh, tá tábhacht níos mó le haitheantas aghaidhe agus ainmneacha.

Is eol don Choimisiún go bhfoghlaimíonn grúpaí éagsúla daoine faoi pholaitíocht agus faoi thoghcháin trí bhealaí éagsúla. Dá bhrí sin, fáiltíonn an Coimisiún roimh an dearcadh ón tuarascáil gur foirm chuimsitheach agus inrochtana faisnéise iad póstaeir, go háirithe do vótálaithe íseal-eolais (níos lú rannpháirtíochta) nó imeallaithe chomh maith le vótálaithe a bhfuil cineálacha áirithe míchumais orthu. Chuir grúpaí abhcóideachta lena n-áirítear Down Syndrome Ireland, an Áisíneacht Náisiúnta Litearthachta d'Aosaigh agus Ionad Bhaile Átha Cliath don Fhoghlaim Aosach aighneachtaí ag rá go bhfuil ról dearfach ag póstaeir maidir lena mbaill a chur ar an eolas agus gur féidir leo a bheith ina n-uirlis amhairc chabhrach chun cabhrú le vótálaithe iarrthóirí a aithint ar an bpáipéar ballóide.

Mar sin féin, tugann an Coimisiún dá aire freisin aighneachtaí ó eagraíochtaí lena n-áirítear Irish Non-Neurotypical Disabled Persons Organisation, an tÚdarás Náisiúnta Míchumais, Vision Ireland agus Voice of Vision Impairment a thug faoi deara gur féidir le suíomh póstaer a bheith contúirteach uaireanta dá mbaill agus dóibh siúd a ndéanann siad ionadaíocht orthu.

B'údar imní ar leith don Choimisiún foghlaim faoi phóstaeir a cuireadh in airde go neamhairdiúil, rud a bhí ina gcúis le gortú do dhaoine a bhí ag dul thar bráid, lena n-áirítear tuairisc ar dhuine ar bhain gortú buan díobh a d'athraigh a saol. Tugann an taighde le fios nach bhfuil feasacht leordhóthanach i measc páirtithe leasmhara polaitiúla ar na guaiseacha agus na rioscaí sábháilteachta poiblí a d'fhéadfadh a bheith mar thoradh ar phóstaeir agus gur cheart feachtas náisiúnta faisnéise agus cumarsáide a reáchtáil chun aird a tharraingt ar na rioscaí sin agus iad a mhaolú.

Admhaíonn an Coimisiún go mbíonn tionchar comhshaoil gan amhras ag feachtais toghcháin. Ba phríomhréasúnaíocht chun an taighde seo a dhéanamh iniúchadh a dhéanamh ar thionchar comhshaoil póstaer toghchán agus ionchorpraíodh é mar ghné lárnach de Théarmaí Tagartha an taighde.

Léiríodh imní maidir le tionchar comhshaoil póstaer sa phróiseas comhairliúcháin phoiblí agus rinneadh iniúchadh breise orthu sna grúpaí fócais. Bhí tuairim chomhroinnte i measc an phobail go mbíonn tionchar diúltach ag póstaeir toghchán ar an gcomhshaol. Tarraingíodh anuas imní faoi mharthanacht ábhar agus easpa roghanna malartacha in-bhithmhillte. Fuarthas 38 aighneacht ó ghrúpaí Baile Slachtmhara agus ó chumainn cónaitheoirí mar chuid den phróiseas comhairliúcháin phoiblí. Thug siad sin léargas úsáideach ar an gcaoi a mbíonn tionchar ag póstaeir ar a gcuid oibre, lena n-áirítear a dtaithí ar chur i bhfeidhm criosanna deonacha saor ó phóstaeir.

Chomh maith le hábhair imní faoi na póstaeir féin, luaigh go leor díobh siúd a ghlac páirt sa taighde go gcuireann na ceangail chábla a úsáidtear chun na póstaeir a

dhaingniú leis an tionchar inbhuanaitheachta. Tá sé sin amhlaidh go háirithe nuair a fhágtar ar chuaillí nó ar an talamh iad i ndiaidh an fheachtais toghcháin. Cé nach bhfuil aon sonraí córasacha ann maidir le chomh forleathan agus atá sé seo, aithníonn an Coimisiún na hábhair imní seo.

Is é an tAcht um Thruailliú ó Bhruscar, 1997 arna leasú ag an Acht Toghcháin (Leasú) (Uimh. 2), 2009 an reachtaíocht a rialaíonn na háiteanna a chrochtar póstaeir aimsir toghcháin. Níl cead póstaeir a chur in airde ach ón dáta a ndéanann an tAire an t-ordú lena gceaptar lá na vótála nó 30 lá roimh dháta an toghcháin, cibé tréimhse acu sin is giorra. Caithfear na póstaeir a bhaint anuas laistigh de sheacht lá de lá na vótála. Féadfaidh an t-údarás áitiúil póstaeir a thaispeántar lasmuigh den tréimhse cheadaithe a bhaint agus bíonn fíneáil €150 ar an toirt in aghaidh gach póstaeir le híoc. Tá feidhm ag forálacha áirithe ar lá na vótála féin mar atá leagtha amach in Alt 147 den Acht Toghcháin, 1992 (arna leasú le halt 33 den Acht Toghcháin (Leasú), 2001). Foráiltear leo siúd nach ceadmhach póstaeir toghcháin a bheith ar taispeáint laistigh de 50 méadar de stáisiún vótála ar lá na vótála.

Forleagtar na cumhachtaí forfheidhmithe ar an Údarás Áitiúil le hAlt 25 den Acht um Thruailliú ó Bhruscar, 1997. Mar sin féin, tá tagairtí san Acht freisin do chumhachtaí na nGardaí a cheadaíonn do Ghardaí agus do mhaoir bhruscair araon fíneálacha ar an toirt a eisiúint as bruscar a chaitheamh.  Sa chomhthéacs sin, tá sé tábhachtach go mbeadh soiléireacht i measc na bpáirtithe leasmhara uile maidir le cá bhfuil an phríomhfhreagracht as forfheidhmiú i gcás póstaeir a chur suas go míchuí nó sárú rialacha.

Cé go bhfuil údaráis áitiúla freagrach as an reachtaíocht náisiúnta a fhorfheidhmiú, is minic a eisíonn siad treoirlínte praiticiúla freisin chun a chinntiú nach mbíonn póstaeir ina mbaol don phobal. Foilsítear na treoirlínte sin ar shuíomhanna gréasáin na gcomhairlí go hiondúil.  Forálann siad sin, ar mhaithe le sábháilteacht an phobail, go gcaithfear póstaeir a chur in airde 2.3 méadar ar a laghad os cionn cosán, lánaí rothar, nó limistéir choisithe eile. Níor cheart iad a chur ar chuaillí solais le sreanga lastuas, cuaillí comharthaí tráchta, droichid, trasbhealaí, droichid coisithe, ná bacainní cois bóthair. Ní fhéadfaidh póstaeir comharthaí bóthair ná soilse tráchta a bhlocáil. Ba cheart iad a cheangal go daingean le ceangail chábla nó ábhair chomhchosúla.

Tugann an Coimisiún dá aire, de réir an Achta um Thruailliú ó Bhruscar, 1997, go meastar gur cuid den phóstaer iad ceangail chábla agus dá bhrí sin gur cheart iad a mheas mar chuid den amlíne agus de na rialacháin agus na treoirlínte céanna maidir le suíomh póstaer. Aithníonn an Coimisiún, áfach, go bhfuil dúshláin ann maidir le forfheidhmiú a bhaineann le baint tráthúil agus comhlíontach ceangal cábla nach bhfuil chomh soiléir agus atá níos deacra a rianú, agus dá bhrí sin níos deacra a rialáil ná póstaeir.

Chomh maith le tuairimí agus taithí na bpáirtithe leasmhara a bhreithniú, chun cabhrú le tionchar comhshaoil póstaer a ghabháil ar bhealach níos córasaí, rinne na taighdeoirí anailís ar shaolré a dtionchair comhshaoil. Thug an anailís saolré sin meastachán ar chostas an 280,000 póstaer a gineadh d’fheachtas Olltoghchán 2024, rud a chiallaíonn go bhfuil na póstaeir sin cothrom le 168 tonna plaisteach. Chun an figiúr sin a chur i gcomhthéacs níos fearr, is ionann é sin agus thart ar 1.3 milliún caife beir leat – de réir roinnt meastachán, leath den mhéid caife a óltar in Éirinn in aon lá amháin. Measadh gurbh ionann an tionchar carbóin agus eitleán tráchtála iomlán ag déanamh dhá eitilt fillte ó Bhaile Átha Cliath go Nua-Eabhrac.

Is minic a thugann páirtithe leasmhara le fios, i ré seo an idirlín agus na meán sóisialta, go bhfuil póstaeir toghchán as dáta mar uirlis chumarsáide. Sa chomhthéacs sin, bhí spéis ar leith ag an gCoimisiún sna sonraí a cuireadh ar fáil maidir le lorg carbóin féideartha na meán sóisialta agus cumarsáide ar líne i dtaca le toghcháin. Tarraingíodh aird sa Tuarascáil Taighde ar an gcaoi a n-úsáideann giniúint agus tarchur postálacha, físeán agus cineálacha eile ábhair ghearrfhoirme ar líne méid suntasach leictreachais i dtimpeallacht atá ag éirí níos digití. Tugann an Coimisiún dá aire meastacháin choimeádacha ó na taighdeoirí a thugann le fios go bhféadfadh tionchar comhshaoil ábhar amháin atá á phlé ar ardán amháin le linn fheachtas olltoghcháin na hÉireann in 2024 a bheith coibhéiseach le tionchar carbóin aon trian de na póstaeir i bhfeachtas toghcháin Éireannach.

Measann an Coimisiún go dtugann an anailís saolré sin agus an fhaisnéis maidir le tionchar comhshaoil na cumarsáide ar líne le fios nach mbeadh na hastaíochtaí carbóin a eascraíonn as úsáid póstaer i bhfeachtas toghcháin chomh díréireach agus a glacadh leis roimhe seo nuair a chuirtear i gcomhthéacs na timpeallachta tomhaltais i gcoitinne iad. Mar sin féin, ní chiallaíonn sin nach féidir, agus nach ceart, níos mó a dhéanamh chun tionchar diúltach póstaer toghchán ar an gcomhshaol a laghdú.

Ba cheart go mbeadh níos mó cumarsáid ardphróifíle ar an leibhéal náisiúnta agus forfheidhmiú níos déine ar rialacha atá ann cheana maidir le póstaeir agus ceangail chábla a chur in airde, agus ar theorainneacha ama gaolmhara. Tugann an anailís sa Tuarascáil Taighde le fios go bhfuil raon feidhme ann freisin le haghaidh tacaíochtaí méadaithe do dhiúscairt agus athchúrsáil póstaer chun dramhaíl agus bruscar a laghdú. Molann an Coimisiún go n-éileodh an tAire ar na húdaráis áitiúla iniúchadh a dhéanamh ar sholáthar áiseanna leathnaithe sa réimse sin.

Maidir le hathchóirithe féideartha eile a scrúdaíodh sa taighde, is léir go bhfuil dúshláin forfheidhmithe ann maidir le líon na bpóstaer nó a suíomhanna ceadaithe a theorannú. Ní mheasaimid gur athchóiriú oiriúnach é athchóiriú eile a luaitear go coitianta – criosanna póstaer ainmnithe – i bhfianaise an laghdaithe a d’fhéadfadh teacht ar fheasacht ar thoghchán, agus na ndúshlán cur chun feidhme i gcomhthéacs chóras toghcháin na hÉireann agus próifílí éagsúla na dtoghcheantar.

Mar shampla, d’fhéadfadh sé a bheith dúshlánach a chinneadh céard a mheasfaí a bheith ina gcriosanna ainmnithe leordhóthanacha i dtoghcheantair thuaithe níos mó i gcomparáid le ceantair uirbeacha chomh maith le cuntas a thabhairt ar an líon méadaithe póstaer a eascraíonn as na toghlimistéir áitiúla éagsúla i dToghcháin Áitiúla.

Mar sin féin, molann an Coimisiún gur cheart smaoineamh ar mhéid na bpóstaer a theorannú de réir a chéile. Laghdódh sé sin costais chomhshaoil an ábhair a úsáidtear, agus d’fhéadfadh sé an dóchúlacht go ndéanfadh gaotha láidre damáiste aimsire do phóstaeir a laghdú freisin, rud a mhéadódh an cumas athúsáide agus a laghdódh na guaiseacha féideartha de bharr póstaeir asáitithe.

Tá an Coimisiún an-eolach ar an tionchar méadaitheach atá ag na meáin shóisialta ar ár saol laethúil, agus ar an gcaoi a bhfaigheann an pobal faisnéis le linn feachtais toghcháin. Cuimsíonn an tuarascáil scrúdú críochnúil ar ról na meán sóisialta, agus is léir láithreach go bhfuil an coincheap gur féidir le roghanna digiteacha póstaeir a athsholáthar níos caolchúisí agus níos casta ná mar a ceapadh ar dtús.

Chomh maith leis na tionchair chomhshaoil a bhaineann le feachtasaíocht sna meáin shóisialta agus ar líne a leagadh amach níos luaithe, tugann an Coimisiún dá aire go bhfuil plé mionsonraithe sa tuarascáil ar an gcaoi nach bhfaigheann gach duine an cineál céanna faisnéise, ós rud é go bhfuil na meáin dhigiteacha bunaithe ar algartaim, sa chaoi is gur féidir le faisnéis phearsantaithe nochtadh an duine aonair d’iarrthóirí agus do shaincheisteanna éagsúla a theorannú. Tarraingíonn sé sin anuas imní shuntasach faoi tharchur agus infhaighteacht faisnéise éagsúla i ré atá ag éirí níos digití agus d’fhéadfadh sé bac a chur ar dhíospóireacht pholaitiúil oscailte agus eolach.

Dá bhrí sin, aontaímid le torthaí na Tuarascála, ó thaobh na faisnéise de, go soláthraíonn póstaeir cothrom na Féinne a mhéid is go bhfuil gach duine nochta do na póstaeir chéanna laistigh dá dtoghcheantair féin.

Ba mhaith leis an gCoimisiún Toghcháin buíochas a ghabháil le gach duine a chuir a gcuid ama agus saineolais ar fáil le haghaidh ullmhú na Tuarascála Taighde atá á foilsiú inniu agus leis an bpróiseas comhairliúcháin a bhain leis. Áirítear leis sin an fhoireann taighde den scoth ó DCU, na daoine aonair, na heagraíochtaí agus na grúpaí abhcóideachta a chuir freagraí isteach chuig an gcomhairliúchán poiblí, gach duine a ghlac páirt sna grúpaí fócais agus sna suirbhéanna náisiúnta, agus na páirtithe leasmhara polaitiúla a ghlac páirt sna hagallaimh.

Creideann an Coimisiún go soláthraíonn an Tuarascáil Taighde bonn fianaise láidir agus leathan chun díospóireacht agus gníomhaíocht aireachta ar an ábhar seo a threorú. Tá sé mar chuid de shraith sonraí agus taighde atá ag fás agus atá an Coimisiún tiomanta do sheachadadh i gcomhlíonadh a shainordaithe taighde faoin Acht um Athchóiriú Toghcháin, 2022.

An Coimisiún Toghcháin
The Electoral Commission

@ElecCommIRL

www.electoralcommission.ie